Bileog 4.1 Ag Taisteal

Cuid A

Seo thíos fréamh an bhriathair déan. Scríobh an fhoirm cheart den bhriathar i ngach pearsa agus scríobh an cheist agus an freagra dearfach agus diúltach.

Déan ⇨ _____ ⇨ An _____?

_____ _____

_____ _____

_____ _____

_____

_____

_____

Cuid B

Cuir na frásaí thíos san ord ceart ar an scála trí uimhir a scríobh sna boscaí ar an scála.

Is fuath liom é _____ Is breá liom é

(-) (+)



1. Is cuma liom faoi!
2. Is maith liom é!
3. Ní maith liom é!
4. Is maith liom go mór é!

An bhfuil frása ar bith eile ar eolas agat le do chuid tuairimí a chur in iúl faoi rudaí éagsúla?

Cuid C

Scríobh abairt amháin in aice le gach gníomh le do thuairim faoi a chur in iúl.

5. Ag taisteal	
6. Ag léamh	
7. Ag snámh	
8. Ag siúl	

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.2 Máire agus Jan

Cuid A

Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.

An chéad choinne



Tá Máire agus Jan i ndiaidh lá deas a bheith acu ag imirt gailf agus leadóg tábla. Bhí siad sa phictiúrlann chomh maith! Tá siad sa teach tábhairne anois ag caint faoi thaisteal. Ach níl na tuairimí céanna acu faoi thaisteal!

Cuid B

Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. An ndéanann Máire mórán taistil? Cén fáth?
   _____
   _____
2. An ndéanann Jan mórán taistil? Cén fáth?
   _____
   _____

Cuid C

Cuir ceist ar an duine in aice leat an ndéanann sé/sí mórán taistil. Beidh an duine sin ag cur ceiste ortsa chomh maith. Féach ar na habairtí thíos le cuidiú leat do fhreagra a thabhairt.

- Is breá liom tíortha nua a fheiceáil.
- Is maith liom an ghrian.
- Is maith liom bualadh le daoine úra.

- Ní maith liom an baile a fhágáil.
- Bím tinn nuair a bhím ag taisteal.
- Níl an t-airgead agam.
- Níl an t-am agam.

Taisteal

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.3 Taisteal Laethúil

Cuid A

Féach ar an liosta seo thíos. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca?

tógaim, gasta, gluaisrothar, carr, téim, tram (An Luas), mall, tiomáinim, rothar, bád, bus, bím, stad an bhus, traein, glacaim, áisiúil, stáisiún traenach, faighim, cóngarach, tacsaí, siúlaim, eitleán.

A – Ainmfhocail	B – Briathra	C – Aidiachtaí

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil ar chuir sibh na focail ar fad sna colúin chéanna. An féidir libh smaoineamh ar fhocal nó ar fhrása ar bith eile a bhaineann le taisteal laethúil?

Cuid B

Scríobh cúpla focal sa bhosca le léiriú conas a théann tú ag obair gach lá!

_____
_____
_____
_____

Cuid C

Labhair leis an duine in aice leat. Scríobh cúpla focal sa bhosca le léiriú conas a théann sé/sí ag obair gach lá!
Féach ar an cheist: Conas a théann tú ag obair gach lá?

_____
_____
_____
_____

© Cé Má Nuad

Bileog 4.4 Duine A

Cuid A

Is tusa an duine ar an rothar. Déan cur síos ar conas a théann tú ag obair gach lá. Scríobh an oiread agus is féidir faoin mhodh taistil áirithe seo. Ná taispeáin do phictiúr don duine in aice leat. Beidh sibh ag obair le chéile ar ball.



Cuid B

Labhair leis an duine in aice leat anois le feiceáil conas a théann sé/sí ag obair gach lá. Tá pictiúr difriúil aige/aici. Féach ar na ceisteanna agus na freagraí thíos. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú sa bhosca.

An dtéann tú ar an bhus/an rothar?	Téim/Ní théim
An dtiomáineann tú?	Tiomáinim/Ní thiomáinim
An dtógann tú an traein?	Tógaim/Ní thógaim

© OBÁ

Bileog 4.5 Duine B

Cuid A

Is tusa an duine sa chéad charr chun tosaigh sa phictiúr. Déan cur síos ar conas a théann tú ag obair gach lá. Scríobh an oiread agus is féidir faoin mhodh taistil áirithe seo. Ná taispeáin do phictiúr don duine in aice leat. Beidh sibh ag obair le chéile ar ball.

Cuid B

Labhair leis an duine in aice leat anois le feiceáil conas a théann sé/sí ag obair gach lá. Tá pictiúr difriúil aige/aici. Féach ar na ceisteanna agus na freagraí thíos. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú sa bhosca.

An dtéann tú ar an bhus/an rothar?	Téim/Ní théim
An dtiomáineann tú?	Tiomáinim/Ní thiomáinim
An dtógann tú an traein?	Tógaim/Ní thógaim

Bileog 4.6 An t-am

Cuid A

Féach ar an chlog thíos!



Cuid B

1. Scríobh amanna difriúla sna spásanna thíos ag úsáid an chloig thuas. Léigh amach na hamanna ansin don duine in aice leat.

8.15am	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

2. Beidh an duine in aice leat ag léamh amach amanna difriúla duit. Breac síos an t-am a deir sé/sí.

8.15am	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

3. Taispeáin na hamanna dá chéile. An raibh an ceart agaibh?

Cuid C

Meaitseáil na focail Ghaeilge sa cholún ar chlé leis na focail Bhéarla sa cholún ar dheis.

Idir	Up to
Braitheann sé ar	Around
Timpeall	It only takes
Suas le	Between
Ní thógann sé ach	It depends on

© OE Má Nuad

Bileog 4.7 An Turas

Cuid A

Cuir an cheist seo san ord ceart.

thógann	cá	an	a	turas	fhad

_____ ?

Cuid B

1. Líon na bearnaí sa chomhrá thíos leis na focail seo – beidh tú ag éisteacht leis an chomhrá ar an téip ar ball.

idir **braitheann sé** **cuma**
an-áisiúil **an-chóngarach** **ach**

Nóra: Conas a théann tú go dtí an obair gach lá a Phádraig?
Pádraig: Tógaim an bus de ghnáth. Tá stad an bhus _____ do mo theach ach ní maith liom an turas i ndáiríre.
Nóra: Cá fhad a thógann an turas?
Pádraig: _____ ar an trácht. Tógann sé _____ uair agus uair go leith go minic má bhíonn an trácht trom. Conas a théann tusa go dtí an obair?
Nóra: Téim ar an rothar. Tá mé i mo chónaí in aice leis an obair agus ní thógann an turas _____ deich nóiméad.
Pádraig: Tá sé sin _____ar fad! Ach braitheann sé ar an aimsir is dócha?
Nóra: Ní bhraitheann. Is _____ liom faoin aimsir. Má tá sé fliuch tugaim athrú éadaigh liom.

2. Éist leis an téip anois. An raibh an ceart agat?

Cuid C

1. Breac síos cúpla abairt faoi conas a théann tú go dtí an obair agus cá fhad a thógann an turas. Bain úsáid as an chomhrá thuas le cuidiú leat.

_____
_____
_____
_____
_____

2. Cuir an dá cheist seo ar an duine in aice leat anois:

Conas a théann tú go dtí an obair gach lá?
Cá fhad a thógann an turas de ghnáth?

© Ó Má Nuad

Bileog 4.8 Ar an . . .

Cuid A

Tagann athrú ar an chéad litir d'ainmfhocal nuair a thagann sé i ndiaidh ar an, leis an, ag an agus srl. Cad é an t-athrú seo? Féach ar na habairtí:

Tagann an bus ag leath i ndiaidh a naoi.
Téim ar an bhus* ag leath i ndiaidh a naoi.

****Téim ar an mbus atá ann i gcanúint Chonnachta agus i gcanúint na Mumhan (bíonn urú i gcanúint Chonnachta agus na Mumhan ach séimhiú i gcanúint Uladh). Roghnaigh an litir cheart ón chiorcal le cur roimh na litreacha thíos má tá canúint Chonnachta nó canúint na Mumhan agat.***

ar an + B = _____
ar an + C = _____
ar an + F = _____
ar an + G = _____
ar an + P = _____
ar an + S = _____
(bíonn **t** ar **s** má tá an focal baininscneach)



ar an + A/E/I/O/U = _____

Cuid B

Cuir an dá fhocal atá idir lúibíní le chéile sna habairtí seo thíos agus déan cibé athrú is gá. Ná déan dearmad ar na canúintí – caithfidh tú ceann a roghnú:

Canúint Uladh = séimhiú
Canúint Chonnachta = urú
Canúint na Mumhan = urú

1. Téim (ar an + rothar) _____ gach lá.
2. Suím (ag an + bord) _____ ag am lóin.
3. Téim (leis an + clann) _____ ar laethanta saoire.
4. Téim (ar an + traein) _____ gach tráthnóna.
5. Siúlaim (ar an + sráid) _____.
6. Is maith liom dul (ar an + bád) _____.
7. Tagaim isteach gach lá (ar an + gluaisrothar) _____.
8. Imrím cispheil (leis an + bean) _____ sin.

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.9 Cá fhad a thógann an turas?

An rothar	9am Fágaim an teach	Idir Suas le Timpeall
9.15am Sroichim an oifig	Braitheann sé ar . . .	Is maith liom. . .

An bus	7.30am Fágaim an teach	Idir Suas le Timpeall
8am - 9am Sroichim an oifig	Braitheann sé ar . . .	Is fuath liom. . .

An Traein	8.30am Fágaim an teach	Idir Suas le Timpeall
9am Sroichim an oifig	Braitheann sé ar . . .	Is breá liom. . .

© OBÉ Na Nuad

Bileog 4.10 Cá fhad a thógann an turas?

Cuid A

Éist leis an chomhrá seo ar an téip anois - tá sé bunaithe ar an rólghníomhaíocht a rinne tú le do ghrúpa níos luaithe.

A: Téimse ar an bhus. Fágaim an teach ag leath i ndiaidh a seacht agus sroichim an oifig idir leath i ndiaidh a hocht agus leath i ndiaidh a naoi. Tógann an turas suas le dhá uair a chloig ach braitheann sé ar an trácht. Is fuath liom é.

B: Téimse ar an traein gach maidin de ghnáth. Fágaim an teach ag leath i ndiaidh a hocht agus sroichim an oifig timpeall a naoi a chlog. Braitheann sé ar an slua daoine. Ach, de ghnáth is breá liom dul ar an traein. Léim leabhair. Tá sé compordach.

C: Téimse ar an rothar. Ní thógann an turas ach ceathrú uaire de ghnáth. Fágaim an teach ag ceathrú go dtí a naoi agus bím san oifig ag a naoi a chlog. Braitheann sé ar an aimsir ar ndóigh. Má tá sé fliuch tógaim an bus ach tógann an turas suas le huair an chloig. Is maith liom an rothar mar tá sé gasta.

Cuid B

An raibh an comhrá ar an téip cosúil leis an chomhrá a bhí agat leis an mbeirt eile? Labhair leis na daoine eile sa ghrúpa agus déanaigí an rólghníomhaíocht arís.

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.11 An Turas

Cuid A

Féach ar na haidiachtaí seo ar fad ar an scála le do chuid tuairimí faoi mhodhanna éagsúla taistil a chur in iúl.

Is fuath liom _____ Is breá liom

(-) (+)

Ní maith liom é!	Is cuma liom faoi!	Is maith liom go mór é!
an-dainséarach an-leadránach an-mhall an-mhíchompordach	maith go leor ceart go leor dainséarach go leor leadránach go leor	an-áisiúil an-ghasta an-chompordach

Scríobh do chuid tuairimí faoi na modhanna éagsúla taistil sa bhosca thíos sa cholún Tusa. Ansin labhair leis an duine in aice leat agus faigh amach cad é an tuairim atá aigesean faoi na modhanna taistil. Scríobh an t-eolas sin sa cholún Do chara.

Modh Taistil	Tusa	Do chara
Bus		
Carr		
Bád		
Eitleán		
Traein		

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.12 An t-am a mheilt

Cuid A

Déan cur síos ar an phictiúr thíos ag baint úsáide as na focail sna boscaí. Bain úsáid as an Aimsir Láithreach. Tá an chéad abairt déanta duit.

Briathra	Ainmfhocail
Léigh	Ceol
Féach	Raidió
Scríobh	Leabhar
Éist	Obair
Déan	Páipéar
Labhair	Ríomhaire glúine

*Téann Muireann ar eitleán go minic*_____
_____
_____
_____
_____
_____

Cuid B

Déan cur síos ar thuras a dhéanann tusa go minic. Bain úsáid as na focail sna boscaí thuas. Scríobh cuntas beag anseo.

_____
_____
_____
_____
_____

Cuid C

Anois labhair leis an duine in aice leat agus scríobh síos a bhfuil le rá aige/aici faoi thuras a dhéanann sé/sí go minic. Scríobh cuntas gearr faoina t(h)uras anseo:

_____
_____
_____
_____
_____

© OE Má Nuad

Bileog 4.13 Cé mhéad atá ar thicéad?

Cuid A

Féach ar an dá cheist agus an dá fhreagra thíos.

1. Cé mhéad a chosnaíonn ticéad fillte? Cosnaíonn sé €60
2. Cé mhéad atá ar thicéad singil? Tá sé €10.

Féach ar an dá abairt seo. Cén abairt is fearr a oireann do 1. agus 2. thuas?

a) Tá sé an-saor.
b) Tá sé an-daor.

Cuid B

1. ***Scríobh praghas ar na ticéid seo thíos sa cholún faoin teideal Do phraghas. Beidh an duine in aice leat ag scríobh praghsanna chomh maith ar na ticéid chéanna.***

2. ***Cuir ceisteanna ar a chéile leis na praghsanna difriúla atá agaibh a fháil. Scríobh na praghsanna atá ag an duine eile sa cholún faoin teideal Praghas eile. Féach ar an sampla seo!***

   - Cé mhéad atá ar thicéad fillte go Corcaigh?
   - Cosnaíonn sé €55. Cé mhéad a chosnaíonn ticéad singil go Gaillimh?
   - Cosnaíonn sé €40.

3. ***Nuair atá na praghsanna ar fad faighte faoin dá theideal Do phraghas agus Praghas eile abraigí cé acu an bhfuil siad daor nó saor.***

Áit	**Do phraghas**	**Praghas eile**
Ticéad fillte go Corcaigh	€_____	€_____
Ticéad singil go Caisleán an Bharraigh	€_____	€_____
Ticéad singil go cathair Luimnigh	€_____	€_____
Ticéad fillte go Gaillimh	€_____	€_____
Ticéad fillte go Béal Feirste	€_____	€_____
Ticéad singil go dtí lár na cathrach	€_____	€_____
Ticéad fillte go Port Láirge	€_____	€_____
Ticéad singil go Sligeach	€_____	€_____
Ticéad fillte go Leitir Ceannainn	€_____	€_____
Ticéad fillte go Londain	€_____	€_____

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.14 An bhfuil tiomáint agat?

Cuid A

Bíonn scileanna agus buanna 'agat' sa Ghaeilge i gcónaí. Mar shampla:

- An bhfuil tiomáint agat?
- Tá/Níl.

Sula n-éisteann tú leis an téip cuir an comhrá thíos san ord ceart trí na huimhreacha 1-5 a chur roimh gach pointe:

- Tá, ach níl ceadúnas tiomána ar bith agam.
- An bhfuil tiomáint agat?
- Cén fáth?
- Tá mé róneirbhíseach le bheith ag tiomáint i mBaile Átha Cliath leis an scrúdú a dhéanamh.
- Tá. Tá cinnte. Tá mé ag tiomáint le cúpla bliain anois. An bhfuil tiomáint agat féin?

Anois éist leis an téip – an raibh an ceart agat?

Cuid B

Cad é fút féin? An bhfuil tiomáint agat? Scríobh cuntas gairid fút féin agus do chúlra tiomána. Báin úsáid as na focail sa chiorcal.

_____

_____

_____

_____

_____

_____



Cuid C

Labhair leis an duine in aice leat faoin chúlra tiomána atá aige/aici.

© OÉ Má Nuad

Bileog 4.15 An bhfuil tiomáint agat?

Don mhúinteoir

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____



An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____



An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____



.

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____

An bhfuil tiomáint agat?

Tá, le _____
anois.

Níl, Tá mé
_____

© OÉ Má Nuad